**Ceist i gcomhair freagra ó bhéal O-000038/2023**
**ar an gCoimisiún**
Riail 136
**Cristian-Silviu Buşoi**
thar ceann an Choiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh

Ábhar: Clár Oibre Eorpach nua maidir leis an Nuálaíocht

An 5 Iúil 2022, ghlac an Coimisiún Clár Oibre Nua Eorpach maidir leis an Nuálaíocht chun éiceachórais nuálaíochta a neartú ar fud an Aontais trí dhlús a chur le forbairt agus imscaradh na nuálaíochta. Cuideoidh an Clár Oibre Nua Eorpach maidir le Nuálaíocht leis an Eoraip teicneolaíochtaí nua a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin shochaíocha is práinní agus chun na teicneolaíochtaí sin a chur ar an margadh. Ceapadh é chun an Eoraip a chur ar thús cadhnaíochta i réimse na nuálaíochta domhanda. Mar sin féin, má tá an Eoraip chun bheith ar thús cadhnaíochta i réitigh nuálacha, ní mór ilroinnt reatha a héiceachórais nuálaíochta a laghdú, toisc go ndéanann sé dochar do chumas nuálaithe, go háirithe gnólachtaí nuathionscanta agus fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), tacaíocht a fháil agus leas a bhaint as deiseanna. I bhfianaise an mhéid sin:

1. Cén chaoi a bhfuil sé i gceist ag an gCoimisiún cuidiú le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais a bhaint amach trí iarrachtaí nuálaíochta, trí chomhordú agus trí infheistíochtaí, agus iomaíochas na dtionscal Eorpach, a bhfuil orthu aghaidh a thabhairt ar dhúshlán an dícharbónaithe, á áirithiú?

2. Ós rud é go bhfuil mná fós faoi ghannionadaíocht i ngnólachtaí nuathionscanta agus i gcistí infheistíochta, rud atá díobhálach d’fhoinse chumhachta nuálaíochta na hEorpa, cad atá beartaithe ag an gCoimisiún a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist struchtúrach sin san fhadtéarma? Agus cad iad na bearta tacaíochta a bheidh ar fáil do mhná atá ar thús cadhnaíochta i nuálaíocht na domhainteicneolaíochta?

3. Dúshlán práinneach d’aontacht na hEorpa is ea an deighilt nuálaíochta. Conas a chinnteoidh an Coimisiún go ndéanfaidh an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht agus cistí struchtúracha an Aontais a chéile a chomhlánú? Conas a áiritheoidh an Coimisiún go gcuimseoidh an nuálaíocht na tionscail chultúrtha agus chruthaitheacha freisin, lena n-áirítear d’fhonn an comhshaol beo a fheabhsú?

4. An aontaíonn an Coimisiún go bhfuil sé tábhachtach infheistíocht a dhéanamh sa taighde go luath chun cumas nuálaíochta a áirithiú san fhadtéarma? Cén chaoi a bhfuil sé beartaithe ag an gCoimisiún a ráthú go mbeidh rochtain ag FBManna ar mhaoiniú le haghaidh nuálaíochta le linn thréimhse chur chun feidhme an Chláir Oibre?

5. Ós rud é go bhfuil bonneagar taighde agus bonneagar teicneolaíochta comhlántach, cad iad na céimeanna nithiúla a ghlacfaidh an Coimisiún chun an tsaoráid bhonneagair teicneolaíochta nua a neartú go háirithe?

Curtha síos:20.7.2023

Spriocdháta i gcomhair freagra:21.10.2023